



## BUTLER GALLERY

Stella Frost: Achill Rocks

© Stella Frost, 2020 Bailiúchán de chuid Ghailearaí de Buitléir, Cill Chainnigh



### Bí ag Smaoineamh

Ní gá na freagraí a scríobh ach b'fhéidir go mba mhaith leat cúpla focal a scríobh anseo agus ansiúd le cabhrú leat nuair a bheidh tú ag scríobh...

Cad a fheiceann tú sa phictiúr seo?

Cad iad na dathanna atá ann? An maith leat iad?

An bhfuil siad bunaithe ar charraigeacha réadúla nó ar shamhlaíocht?

An dtaitníonn dath na spéire leat?

Cén fáth ar roghnaigh an t-ealaíontóir na dathanna seo dar leat?

Dá mbeadh tusa ag péinteáil an phictiúir seo cad iad na dathanna a chuirfeá ann?

An maith leat an pictiúr mar atá sé nó ar mhaith leat rud éigin breise a bheith ann?

Ar mhaith leat duine éigin a bheith ann?

Dá mbeadh tusa sa phictiúr seo cén áit a mbeifeá?

An mbeifeá i do shuí nó i do sheasamh? Céard a bheadh ar siúl agat?

Cuir tú féin isteach sa phictiúr (i do shamhlaíocht nó le peann luaidhe más mian leat)


Bí ag Scríobh

Samhlaigh go bhfuil tú sa phictiúr anois. Déan liosta de na rudaí a fheiceann tú timpeall ort. (Ní gá go mbeadh na rudaí sin le feiceáil sa phictiúr – Is féidir leo a bheith i do shamhlaíocht)

Roghnaigh ceann de na smaointe seo chun scéal nó dán a scríobh.

- Tá tú i do sheasamh áit éigin sa phictiúr seo agus feiceann tú timpiste nó tubaiste. Cad a fheiceann tú agus cad a dhéanann tú?
- Is carraig tú. Tá tú i do sheasamh ansin leis na mílte bliain. Scríobh dán nó scéal faoi do shaol, faoi na rudaí a fheiceann tú gach lá nó faoi do chuid mothúchán.
- Scríobh dán dar teideal Dathanna

Déan do phictiúr féin bunaithe ar do dhán/scéal ...



Bain spraoi as – Áine Ní Ghlinn